Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en, bg)

13190/23
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0011(NLE)

SOC 624
EMPL 445
SAN 528
GENDER 184
ANTIDISCRIM 164
FREMP 248
ILO 10

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>- Ráitis ón Ostair, ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir agus ón Liotuáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráitis ón Ostair, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ungáir agus an Liotuáin maidir leis an ábhar thuasluaite i bhfianaise chruinniú na Comhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 23 Deireadh Fómhair 2023. Cuirfear na ráitis i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

1. I bprionsabal, cuireann an Ostair i dtreis a tuairim dhlíthiúil nach gcruthaítear oibleagáid leis an gcinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit an coinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha a dhaingniú.

2. Is comhpháirtithe uathrialacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) iad Ballstáit an Aontais. Tá oibleagáid daingniúcháin contrártha le prionsabal na trípháirteachta atá cumhdaithe i mBunreacht EIS agus i gCoinbhinsiún 1976 (Uimh. 144) EIS a dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais.

3. Tugann an Ostair dá haire an dearbhú ón gCoimisiún Eorpach go staonfaidh sí ó chéimeanna dlíthiúla i gcoinne na mBallstát a roghnaíonn gan an coinbhinsiún a dhaingniú.

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE**

'Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, lena n-áirítear comhrac an fhoréigin agus an chiaptha ag an obair, agus beidh feasta.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ina theannta sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a thuiscint, ina chiall bhitheolaíoch amháin (fir agus mná).

Le hAirteagal 1 (1)b) de Choinbhinsiún Uimh. 190 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) cuirtear cosaint ar fáil ar bhonn gnéis agus inscne araon ag an am céanna, lena gcaitear amhras, i bhfianaise na mbreithiúnas thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, ar a gcomhréireacht le Bunreacht na Bulgáire agus, dá bhrí sin, ar an bhféidearthacht go ndaingneodh an tír é. Dá bhrí sin, ní thacaíonn Poblacht na Bulgáire leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún 2019 (Uimh. 190) na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh a dhaingniú, lena ngabhann neamhchinnteacht dhlíthiúil cé acu a chruthaíonn nó nach gcruthaíonn sé oibleagáid maidir le daingniú.

Ina theannta sin, cuireann Poblacht na Bulgáire in iúl an imní atá uirthi go bhféadfadh tionchar a bheith ag glacadh an chinnidh sin ar inniúlacht na mBallstát cinneadh neamhspleách a dhéanamh an mbeidh nó nach mbeidh sé faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún seo i gcomhréir le Bunreacht EIS, rud a d'fhéadfadh seasaimh na mBallstát sa chaibidlíocht a chur i mbaol i dtaca le coinbhinsiúin agus moltaí EIS amach anseo a ghlacadh lena gcumhdaítear ábhair inniúlachta atá roinnte idir na Ballstáit agus an tAontas.'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

Is mian le Poblacht na Seice an seasamh atá aici a mheabhrú, seasamh a chuir sí in iúl go mion minic le linn na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair, agus lena chois sin nuair a bhí Cinntí ón gComhairle roimhe seo á gcaibidil, cinntí lena gceadaítear nó lena n-údaraítear do Bhallstáit an Aontais Coinbhinsiúin agus Prótacail na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a dhaingniú, nó lena n-iarrtar ar Bhallstáit an Aontais na Coinbhinsiúin agus Prótacail sin a dhaingniú. Tá na Cinntí sin ón gComhairle léirmhínithe go comhsheasmhach ag Poblacht na Seice mar bhearta nach ngabhann oibleagáid leo go ndaingneofaí na coinbhinsiúin idirnáisiúnta i dtrácht. Ina ionad sin, meastar gur ionstraimí iad chun an fhéidearthacht daingniúcháin a éascú, agus ag an am céanna go gcloítear leis an bprionsabal go n-urramaítear go hiomlán Ballstáit an Aontais mar chomhpháirtithe neamhspleácha de chuid EIS. Sa chomhthéacs sin, tá a lánrogha i gcónaí ag gach Ballstát maidir leis an bpróiseas daingniúcháin a thionscnamh, faoi threoir a chinnteoireachta náisiúnta amháin, gan a bheith faoi réir bearta a bhaineann le sáruithe ar na Conarthaí.

Áitíonn Poblacht na Seice nach mór dearbhú sainráite a bheith ann lena gceadófaí do Bhallstáit an Aontais Coinbhinsiún Uimh. 190 EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh a dhaingniú go deonach laistigh dá ndlínse náisiúnta. Gan an seasamh sin agus in éagmais léirmhíniú soiléir dlí ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 19 Iúil 2023, níl Poblacht na Seice in ann tacú leis an gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún 2019 (Uimh. 190) na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh a dhaingniú agus staonann sí ón vótáil.

Tugann Poblacht na Seice dá haire agus is mór aici na dearbhuithe ón gCoimisiún, a cuireadh in iúl níos mó ná uair amháin, go gcoimeádfaidh sé ar bun an cleachtas atá ann cheana a bhaineann leis an gcás seo agus leis na Cinntí uile ón gComhairle a rinneadh roimhe seo, is é sin nach ndéanfaidh sí bearta chun brú ar Bhallstáit an Aontais Coinbhinsiúin EIS a dhaingniú.

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

Ba mhaith leis an Ungáir, agus an chomhairle ó Sheirbhís Dlí na Comhairle a cuireadh ar fáil le linn na caibidlíochta á cur san áireamh aici, a tuairim dhlíthiúil a athdhearbhú nach bhfuil aon riachtanas dlíthiúil ann cinneadh ón gComhairle a ghlacadh chun a cheadú do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú (dá ngairtear feasta: Coinbhinsiún 190 EIS), toisc nach bhfuil aon inniúlacht eisiach de chuid an Aontais i gceist leis an gCoinbhinsiún. Tugaimid dár n-aire go ndeimhnítear an chonclúid sin freisin le gníomhartha a rinne seacht mBallstát a bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe *de facto* acu cheana.

Gan dochar don mhéid thuas, tugann an Ungáir dá haire freisin na ráitis ó bhéal a thug an Coimisiún níos mó ná uair amháin nach ndéanfadh sí bearta chun brú ar na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú fiú má ghlacfar cinneadh ón gComhairle ina leith sin.

Ar deireadh, tugann an Ungáir dá haire agus is oth léi an nós imeachta as ar tháinig glacadh an chinnidh ón gComhairle i dtrácht. I ndáil leis an méid sin, meabhraímid gur chinn Coreper, ag an gcruinniú a bhí aige an 31 Bealtaine 2023, a mholadh don Chomhairle ráiteas a fhormheas a bhí le cur ina miontuairiscí, ar ráiteas é ina dtugann an Chomhairle dá haire nach féidir teacht ar an tromlach cáilithe is gá chun an cinneadh ón gComhairle atá beartaithe a ghlacadh. Is trua nach ndearnadh obair leantach ar an méid ar cinneadh air ag an gcruinniú sin de chuid Coreper.

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

1. Agus aird á tabhairt ar chleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin Eorpaigh leis na Cinntí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo maidir le coinbhinsiúin agus prótacail na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), tacaíonn an Liotuáin leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún 2019 (Uimh.190) EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh a dhaingniú.

2. Creideann an Liotuáin go láidir go gcuideoidh glacadh an Chinnidh seo ón gComhairle le Ballstáit uile an Aontais a leanúint a bheith ag gníomhú in aontacht, tacú le cuspóirí na gCoinbhinsiún a bheidh ann amach anseo agus go mbeidh ról lárnach aige maidir le glacadh na gCoinbhinsiún sin i gcomhlacht trípháirteach EIS.

3. Ag an am céanna, tuigeann an Liotuáin an seasamh a cuireadh in iúl le linn na caibidlíochta agus cuireann sí i dtreis an seasamh sin nach gcruthaíonn an cinneadh seo agus cinntí ón gComhairle roimhe seo oibleagáid an coinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha a dhaingniú toisc gur comhpháirtithe uathrialacha de chuid EIS iad Ballstáit an Aontais, cé go gceanglaítear ar an Aontas Eorpach an cinneadh seo ón gComhairle a bheith i gcomhréir le *acquis* an Chomhphobail.